



An Roinn Oideachais
Department of Education

Meastóireacht ar an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta

Nollaig 2020
An Chigireacht
An Roinn Oideachais

Clár

1. Réamhrá	3
2. Cúlra	4
3. Ról an Mhúinteora Tacaíochta	6
4. Meastóireacht ar obair mhúinteoirí tacaíochta	7
5. Struchtúr na tuarascála	9
6. Torthaí	10
6.1 Bainistíocht scoile uile ar an soláthar múinteoirí tacaíochta	10
6.2 Ról an mhúinteora tacaíochta maidir le tacaíocht a sholáthar do dhaltaí	11
6.3 An tslí a roghnaíodh daltaí aonair agus grúpaí daltaí do thacaíocht bhreise	14
6.4 An tslí inar cuireadh tacaíocht ar fáil do dhaltaí aonair agus do ghrúpaí daltaí	16
6.5 An tslí ina raibh an múinteoir tacaíochta i dteagmháil le múinteoirí agus gníomhaireachtaí eile	19
7. Tacaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta	20
8. Conclúid	22
9. Achoimre ar na príomhthorthaí	24
10. Moltaí	25
Aguisín 1 – Liosta na Scoileanna atá páirteach sa Chár Múinteoirí Tacaíochta	27
Aguisín 2 – Sonraíocht Poist: Múinteoirí Tacaíochta	29
Aguisín 3 – Contanam Cáilíochta na Cigireachta	31

1. Réamhrá

Cuireann an tuarascáil seo torthaí agus moltaí na meastóireachta ar an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta i láthair mar thoradh ar shraith cigireachtaí ar Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) i mbunscoileanna DEIS. Tá sé i gceist leis an tuarascáil bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht Aonad um Chuimsiú Sóisialta (ACS/SIU) na Roinne agus sa Rannóg um Oideachas Speisialta agus iad ag tabhairt faoi chinneadh maidir leis an leithdháileadh is éifeachtaí agus is éifeachtúla ar acmhainní breise do scoileanna. Ag leibhéal na scoile, tá sé i gceist go mbeidh na torthaí agus na moltaí maidir le ról, cuspóir agus feidhm an mhúinteora tacaíochta úsáideach chun dea-chleachtas a aithint agus a roinnt sna scoileanna. Tá sé i gceist freisin go gcuirfidís bonn eolais faoi fhorbairt bhreise ar an ról reatha, go háirithe maidir le cleachtas uilechuimsitheach a chothú i scoileanna. Faoi láthair, tá daichead múinteoir fostaithe mar mhúinteoirí tacaíochta ar fud daichead a trí bunscoil DEIS. Is é Aonad um Chuimsiú Sóisialta (ACS)¹ na Roinne a chuireann maoiniú ar fáil do na poist. Cuirtear an acmhainn seo ar fáil sa bhreis ar na múinteoirí sin a leithdháiltear ar na scoileanna mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa chlár DEIS agus ar leithdháiltí múinteoirí oideachais speisialta na scoileanna.

¹ Soláthraíonn an Roinn, tríd an ACS, maoiniú do 40 post ar chostas thart ar €2.6 milliún go bliantúil

2. Cúlra

Tá an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta fréamhaithe i scéim an *Mhúinteora Comhairleora* a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i 1995 i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Tionscnaíodh an scéim Comhairleoirí Múinteoirí mar thoradh ar aighneachtaí ó scoileanna a bhí ag déanamh soláthair do cheantair a bhí faoi dhlúth-mhíbhuntáiste, go príomha i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, ina raibh tacaíocht bhreise á éileamh chun iompar líon áirithe daltaí a bhainistiú. Mar thoradh air sin ceapadh seacht múinteoir is fiche i mí Mheán Fómhair 1996, ar tugadh múinteoirí comhairleora orthu i dtosach, ‘chun freastal ar fhorbairt iomlánaíoch daltaí a bhí suaite agus cúlánta araon’ (ROS, 1998)². Rinneadh an soláthar a dhearadh le cur ar chumas scoileanna na daltaí seo agus a bpiaraí a theagasc ar bhealach níos éifeachtaí.

I ndiaidh na meastóireachta a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta in 1998, tharla roinnt athruithe ar an scéim. Cuireadh tús le tionscadal píolótach eile, agus rinneadh athbhrandáil ar an tionscnamh mar ‘Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta.’ Tugadh ainm eile do na múinteoirí comhairleora agus as sin amach agus tagraíodh dóibh mar ‘múinteoirí tacaíochta’.

Tharla tús agus leathnú Tionscadal na Múinteoirí Tacaíochta sular tharla go leor de na hathchóirithe suntasacha le déanaí sa chóras bunscolaíochta. Áirítear leis na hathchóirithe seo Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) - plean gníomhaíochta na Roinne Oideachais chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais, bunú Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), mar aon leis an bpróiseas leithdháilte athbheithnithe, a tharla le déanaí, do mhúinteoirí oideachais speisialta (MOS) i scoileanna príomhshrutha. Le blianta beaga anuas, tá méaduithe an-suntasacha faighte ag go leor scoileanna atá rannpháirteach sa chlár DEIS ina leithdháiltí MOS. Tá ról ag an MOS freisin tacú le daltaí a bhfuil riachtanais

² An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, (1998), Meastóireacht ar Thionscadal an Mhúinteoir Comhairleora.

iompraíochta acu. Tá méadú an-suntasach tagtha le roinnt blianta ar líon na gcúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) a thacaíonn leis an iompar i scoileanna.

Cé go bhfuil an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta ann i gcónaí mar chlár neamhspleách, is léir nach ndearnadh Cigireacht na Roinne meastóireacht le blianta beaga anuas ar éifeachtacht fhoriomlán an chláir seo ná ar obair na múinteoirí tacaíochta. Sa chomhthéacs seo, dá bhrí sin, tá sé tráthúil iniúchadh, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus a théann múinteoirí tacaíochta i ngleic le riachtanais daltaí a bhfuil a n-iompraíocht mar ábhar imní nó na daltaí sin atá scoite agus an tslí ina dtrasnaíonn obair na múinteoirí tacaíochta ar ról oibre mhúinteoirí eile sa scoil, lena n-áirítear na múinteoirí oideachais speisialta, agus tacaíochtaí eile atá ar fáil.

3. Ról an Mhúinteora Tacaíochta

Is é ról an mhúinteora tacaíochta ná freastal ar fhorbairt iomlánaíoch dhaltaí a bhfuil a n-iompraíochtaí mar ábhar imní ar leith nó ar na daltaí sin atá scoite, agus feidhmiú beart a chur chun cinn le tionchair iompraíochtaí na ndaltaí sin ar a n-oideachais féin agus ar oideachas daoine eile a mhaolú. D'fhéadfadh go mbeadh riachtanais speisialta oideachais nó riachtanais bhreise aitheanta do roinnt de na daltaí seo. Níl diagnóis ghairmiúil ar na riachtanais mar réamhriachtanas, áfach, le go mbeadh múinteoirí tacaíochta ag obair leo.

Tugadh cuntas ar ról an mhúinteora tacaíochta i sonraíocht poist a chuir Rannóg Speisialta Oideachais na Roinne ar fáil don scéim phiolótach in 1998 (Aguisín 1)³. Rinneadh cur síos sa tsonraíocht poist ar an nádúr coiscitheach agus tacúil a bhaineann le hobair an mhúinteora tacaíochta. Thug an tsonraíocht poist le fios gur chóir go mbeadh an múinteoir tacaíochta bainteach le comhairle a sholáthar agus páirt a ghlacadh i straitéisí scoile uile maidir le bainistíocht iompraíochta, agus iompraíochtaí a chruthaíonn imní sa scoil, a chosc. Moladh freisin gur chóir don mhúinteoir tacaíochta a bheith páirteach le grúpaí beaga agus le daltaí aonair a léiríonn deacrachtaí iompraíochta go leanúnach sa seomra ranga. Chun an ról seo a chomhlíonadh, comhairlíodh don mhúinteoir tacaíochta curaclam a fhorbairt a bheadh oiriúnaithe go cuí chun eispéireas ratha a thabhairt do dhaltaí i gcroí-réimsí curaclaim agus chun a scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí raon gníomhaíochtaí teiripeacha sna gnéithe níos aeistéitiúla agus níos cruthaitheacha den Churaclam Bunscoile. Aithníodh, i measc fhreagrachtaí an mhúinteora tacaíochta, cuir chuige a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheistanna bainteach le bainistíocht iompraíochta, mar aon le comhoibriú le múinteoirí ranga sa soláthar ar chláir a bhíonn oiriúnaithe go cuí.

³ Sonraíocht Poist: Múinteoirí Tacaíochta. An Rannóg Speisialta Oideachais, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1998.

4. Meastóireacht ar obair mhúinteoirí tacaíochta

Ta trí phríomhfhoinsé fianaise mar bhonn eolais ag torthaí na tuarascála seo:

- Eolas a d'eascair as deich gcigireacht Riachtanais Speisialta Oideachais-Bunleibhéal (RSO-B) i scoileanna DEIS a bhfuil múinteoirí tacaíochta acu, a raibh ionchur acu i gcóras bainistíocht faisnéise na Cigireachta
- Na tuairiscí cigireachta RSO-B a d'eascair ó na cigireachtaí seo
- Na torthaí ó chruinniú struchtúrtha fócasghrúpa leis na cigirí a rinne na cigireachtaí RSO-B nuair a bhí na cigireachtaí thart.

I ngeall ar nádúr agus fócas na hoibre ag múinteoirí tacaíochta, roghnaíodh an tsamhail chigireachta RSO-B chun cáilíocht oibre na múinteoirí tacaíochta a dhearbhu ag leibhéal na scoile aonair agus chun faisnéis a bhailiú mar bhonn don tuarascáil ilchodach seo. Bhí na scoileanna a roghnaíodh don chigireacht lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus bhí raon scoileanna comhoideachais agus aonghnéis, scoileanna sóisearacha agus sinsearach mar aon le scoileanna a fhreastalaíonn ar gach aois-ghrád bunscoile sa sampla. Le linn na meastóireachtaí RSO-B, rinne cigirí meastóireacht ar cháilíocht na dtorthaí do dhaltaí a raibh riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu, agus rinne siad meastóireacht ar cé chomh maith agus a d'úsáid na scoileanna na hacmhainní a fhaigheann siad do dhaltaí. Chruthaigh sé seo deis don Chigireacht díriú ach go háirithe ar ról an mhúinteora tacaíochta i gcomhthéacs na dtacaí breise a bhí á sholáthar do na scoileanna chun freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu.

Maidir leis sin, rinne cigirí breathnóireacht ar mhúinteoirí tacaíochta agus iad ag obair sna seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile sa scoil. Chuir cigirí deiseanna ar fáil freisin do na múinteoirí tacaíochta a gcuid oibre a phlé; chlédaigh sé seo comhráite faoin a ról, a gcuspóir agus a bhfeidhm. Ar aon dul leis seo, chruthaigh agallaimh le bainistíocht na scoile deiseanna chun obair mhúinteoirí tacaíochta a phlé. Bhí na réimsí seo a leanas mar chomhthéacs do na

gníomhaíochtaí seo:

- Bainistíocht scoile uile na múinteoirí tacaíochta
- Ról an mhúinteora tacaíochta maidir le tacaíocht a sholáthar do dhaltaí
- An tslí a roghnaíodh daltaí agus grúpaí daltaí do thacaíocht bhreise
- An tslí inar cuireadh tacaíocht ar fáil do dhaltaí agus grúpaí daltaí
- An tslí ina raibh tacaíocht ag na múinteoirí tacaíochta agus ag gníomhaireachtaí eile.

Tar éis gach cigireachta RSO-B, bhí ar chigirí tuairiscithe bileog sonraí breise, a dhírigh ar obair an mhúinteora tacaíochta amháin sa scoil, a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. D'éiligh an bhileog sonraí ar an gcigire eolas fianaise-bhunaithe a sholáthar ar na réimsí atá liostaithe thuas.

Chruthaigh na réimsí seo, ina dhiaidh sin, bunús don phlé struchtúrtha ag cruinniú fócasghrúpa cigirí a bhí le tarlú nuair a bheadh na cigireachtaí thart. Ag an gcruinniú seo, tugadh deis do gach cigire mionsonraí agus léargais bhreise a sholáthar ar na cúig réimse seo, tar éis dóibh deis a bheith acu machnamh a dhéanamh ar a nótaí cigireachta.

5. Struchtúr na tuarascála

Léiríonn torthaí na tuarascála seo torthaí na meastóireachtaí mar a léirigh an anailís ar na foinsí fianaise éagsúla iad. Tá na torthaí bunaithe ar raon foinsí bainteach leis na meastóireachtaí RSO-B a rinneadh le linn tréimhse gairid idir deireadh 2019 agus tús 2020. Tá an bonn fianaise ag brath go mór ar bhreithiúnais na gcigirí faoi chleachtas a breathnaíodh i seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile, na hidirghníomhaíochtaí a bhí acu le múinteoirí, foghlaimeoirí agus bainistíocht scoileanna, na sonraí a bailíodh agus anailís ar éifeachtacht fhoriomlán an tsoláthair d'fhoghlaimoirí le RSO sna scoileanna. San anailís aithnítear láidreachtaí agus dúshláin i ngach ceann de na cúig réimse fócais agus tugann sé seo deis do chigirí plé a dhéanamh ar na saincheisteacha ar leith a bhaineann le gach réimse. Nuair nach léirítear céatadán i bhfoirm uimhriúil, léirítear iad de réir na dtéarmaí cáilíochtúla atá mínithe sa tábla seo a leanas:

Breis agus 90%	Iad go léir nach mór
75% - 90%	Formhór
51% - 74%	Tromlach / breis agus leath
50%	Leath
25% - 49%	Níos lú ná leath / mionlach suntasach
16% - 24%	Líon beag / níos lú ná an ceathrú cuid
Níos lú ná 15%	Cúpla ceann

Cuirtear tráchtairacht mheastóireachta ar cháilíocht an tsoláthair i láthair de réir Contanam Cáilíochta cúig-phointe na Cigireachta (Aguisín 3).

6. Torthaí

6.1 Bainistíocht scoile uile ar an soláthar múinteoirí tacaíochta

Bhí polasaí ag gach scoil ar a ndearnadh cigireacht chun cleachtas a threorú don soláthar ar riachtanas oideachais speisialta agus measadh cáilíocht na bpolasaithe seo a bheith go maith nó an-mhaith i ngach cás. Níl aon cheanglas luaite do scoileanna polasaí scoile uile a bheith acu maidir le soláthar múinteoirí tacaíochta. Bhí polasaí ag a bhformhór, áfach, chun obair na múinteoirí tacaíochta a threorú, cé nach raibh sé acu go léir. Thuairiscigh cigirí go raibh éifeacht ag baint le formhór na bpleananna seo chun an soláthar a threorú cé go raibh sé ráite, i dtuarascálacha foilsithe agus luaite arís ag cigirí le linn an chruinnithe fócasghrúpa a tharla ina dhiaidh sin, gur gá roinnt bheag de na polasaithe seo a athbhreithniú agus a uasdátú. Thug cigirí faoi deara nach raibh aon pholasaí scríofa ar fáil don soláthar múinteoirí tacaíochta in dhá scoil. I gceann acu seo, measadh go raibh tionchar diúltach ag easnamh an pholasaí scríofa ar an gcleachtas a tharla ina dhiaidh sin sa scoil. Mar bhealach leis an soláthar a threorú go héifeachtach, moltar go gcinnteodh gach scoil rannpháirteach go gcruthaíonn siad plan gonta don soláthar múinteoirí tacaíochta agus go n-athbhreithníonn siad é seo go rialta.

Bhí fianaise mhaith ann, i bhformhór na gcásanna, go raibh tuiscint ag bainistíocht na scoile agus ag múinteoirí ranga aonair ar ról, cuspóir agus feidhm an mhúinteora tacaíochta. Bhain formhór na scoileanna a ndearnadh iniúchadh orthu leas as na hacmhainní suntasacha breise i bhfoirm múinteoirí oideachais speisialta (MOSanna). I mbeagnach gach ceann de na scoileanna seo, d'oibrigh an fhoireann RSO agus na múinteoirí tacaíochta as lámha a chéile chun polasaithe a fhorbairt d'fhonn na hacmhainní a bhí ar fáil a bhainistiú go héifeachtach. I bhformhór na scoileanna, dheimhnigh na polasaithe a bhain le hobair na múinteoirí tacaíochta an tslí inar thrasnaigh ról an mhúinteora tacaíochta agus ról an fhoireann MOS. I líon beag scoileanna, bhí an múinteoir tacaíochta mar dhlúthchuid den fhoireann ceannaireachta RSO agus bhí dlúthchomhoibriú idir an múinteoir tacaíochta agus an comhordaitheoir RSO chun na hacmhainní a bhainistiú go héifeachtach. Lena

chinntiú go bhfuil an raon tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaltaí chomh comhleanúnach agus is féidir, ba chóir do gach scoil atá ag baint leas as an acmhainn breathnú maidir le múinteoirí tacaíochta a spreagadh le páirt ghníomhach a ghlacadh sna foirne ceannaireachta RSO.

Rinne formhór na scoileanna a gcuid acmhainní a struchtúrú sa tslí is gur dhírigh na múinteoirí tacaíochta aird ar dhaltaí a raibh a n-iompar, agus tionchar an iompair ar dhaltaí eile, mar ábhar imní sa scoil, agus dhírigh na MOS aird ar dhaltaí a raibh a ndeacrachtaí litearthachta, uimhearthachta mar aon le deacrachtaí foghlama eile mar phríomhábhair imní. Ba léir do chigirí go raibh an cleachtas seo i gcoitinne éifeachtach agus de réir na sonraíochta poist do ról an mhúinteora tacaíochta.

Níl aon éalú ón gcás a bhíonn ag roinnt daltaí a mbíonn riachtanais foghlama agus iompraíochta araon acu agus, ina leithéid de chúinsí, tá sé tábhachtach a dheimhniú go dtugtar aghaidh ar riachtanais na ndaltaí go comhleanúnach agus go pleanáilte. Ina leith sin, ba léir comhoibriú maith sna scoileanna idir na MOSanna agus na múinteoirí tacaíochta, agus léiríodh go raibh cáilíocht an tsoláthair a chuireann na múinteoirí tacaíochta ar fáil éifeachtach nó an-éifeachtach i bhformhór na gcásanna.

Moltar do scoileanna a bhfuil múinteoirí tacaíochta acu pleananna gonta a cheapadh agus a athbhreithniú go rialta chun a gcuid oibre a threorú. Ba cheart go gcuirfeadh na pleananna seo, mar thoradh, bonn eolais faoi pholasaithe oideachais speisialta agus iompraíochta na scoile.

6.2 Ról an mhúinteora tacaíochta maidir le tacaíocht a sholáthar do dhaltaí

I bhformhór na scoileanna, léiríodh an múinteoir a bheith díograiseach, dícheallach agus tiomanta do na ról agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh. Sna scoileanna seo, bhí príomhfhócas na múinteoirí tacaíochta dírithe ar dhea-iompar a chothú ar fud na scoile. Is mar seo a tuairiscíodh sampla amháin de seo:

Tá na gníomhaíochtaí a dhéanann an múinteoir seo sár-éifeachtach maidir le

tacaíocht leanúnach a sholáthar agus iompar dearfach a chur chun cinn i measc phobal na scoile.

Maidir leis sin, ba léir go raibh idirghabhálacha coisctheacha agus aisiríoch araon fite fuaite ar fud na scoile. Mheas na cigirí gur léiriú é seo ar bheith ag obair go héifeachtach agus de réir sonraíochta an phoist. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh ardmheas ag na múinteoirí ranga agus ag na príomhoidí i bhformhór na scoileanna ar na hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil.

Díríonn na múinteoirí tacaíochta go léir, nach mór, formhór a gcuid ama ar bheith ag obair le daltaí aonair agus dhírigh siad ar fhorbairt idirghabhálacha iompraíochta aonair na ndaltaí. Ba chúis iontais, toisc gur cuid den tsonraíocht poist é, gur tuairiscíodh ról teoranta don mhúinteoir tacaíochta maidir le polasaí iompraíochta uileghabhálach na scoile a fhorbairt. Chuidigh líon beag múinteoirí tacaíochta le polasaithe iompraíochta scoile uile a chomhordú. Tuairiscíodh roinnt samplaí, áfach, de dhea-chleachtas ina leith seo; bhí freagracht ag múinteoir tacaíochta amháin as maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí iompair don scoil iomlán agus bhí múinteoir eile mar threoraí ar an tionscnamh Araíonacht don Fhoghlaim (DFL).

Ag teacht leis an tsonraíocht do ról an mhúinteora tacaíochta, bhreathnaigh cigirí cothromaíocht mhaith idir obair choisctheach agus aisiríoch. Maidir le hobair choisctheach, breathnaíodh múinteoirí tacaíochta ag baint úsáid as raon clár fianaisebhunaithe, lámhleabhar-threoraithe nó réamhdhéanta lena n-áirítear:

- Friends for Life
- Roots of Empathy
- Fun Friends
- Mentoring for Achievement

Chuir múinteoirí tacaíochta na cláir seo ar fáil do ranganna ag leibhéal éagsúla, agus thuairiscigh múinteoirí tacaíochta agus bainistíocht na scoile araon go raibh tionchar dearfach ag na hidirghabhálacha. Nuair a thug cigirí faoi deara na hidirghabhálacha seo, bhí tráchttaireacht dhearfach acu ar leibhéal rannpháirtíochta daltaí leis na cláir seo. Bhain na múinteoirí úsáid as comhthéacs ghníomhaíochtaí an cheachta chun

comhráite feidhmiúla a spreagadh maidir le saincheisteanna. Thuairiscigh cigirí go raibh na hidirghabhálacha a breathnaíodh an-luachmhar sa mhéid gur chuir siad le meon níos dearfaí i leith na foghlama a fhorbairt i measc na ndaltaí. Thug siad faoi deara freisin an fhianaise ar rannpháirtíocht ardcháilíochta daltaí i raon leathan gníomhaíochtaí foghlama cuí.

Breathnaíodh freisin múinteoirí tacaíochta ag obair go héifeachtach le daltaí aonair agus le grúpaí beaga daltaí chun scileanna a fhorbairt lena n-iompar, a litearthacht shóisialta agus mhothúchánach agus a sláinte meabhrach a fheabhsú. Cuireadh an tacaíocht seo ar fáil do na daltaí sin a léirigh deacrachtaí iompraíochta leanúnacha le cur ar a gcumas a bheith páirteach go héifeachtach i ngníomhaíochtaí ranga agus chun iad a ullmhú don aistriú éifeachtach agus rathúil chuig an iar-bhunscoil.

Le linn na meastóireachta, breathnaíodh múinteoirí tacaíochta ag baint úsáid as raon acmhainní spreagúla chun na cláir a dhéanamh níos suimiúla agus níos spreagúla do dhaltaí. Úsáideadh cluichí agus gníomhaíochtaí foghlama go feidhmiúil chun comhráite a spreagadh le daltaí faoi shaincheisteanna ábhartha. Spreag roinnt múinteoirí ábhartha daltaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin ag úsáid teiripe súgartha. I roinnt scoileanna breathnaíodh cláir ón Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) á gcur i bhfeidhm go héifeachtach chun teacht aniar a fhorbairt le daltaí ábhartha.

Tugadh roinnt dea-chleachtas faoi deara le linn na meastóireachtaí. I scoil amháin, mar shampla, bhí an múinteoir tacaíochta ag tacú le dalta, a bhí ag diúltú freastal ar scoil, a lánpháirtíú athuair trí cheachtanna cócaireachta a chur ar fáil gach maidin mar chuid de phlean ath-lánpháirtithe. Léiríodh gur thaitin idirghabhálacha a breathnaíodh i scoileanna eile le daltaí, ina measc seomraí céadfacha a úsáid, agus tugadh fianaise go raibh tionchar dearfach ag na hidirghabhálacha seo ar iompar daltaí ar fud na scoile agus ar dhaltaí sa spriocghrúpa.

Tugadh faoi deara, áfach, roinnt cleachtas nár measadh a bheith chomh héifeachtach sin. Mar shampla, i scoil amháin rinneadh múinteoir tacaíochta a leithdháileadh chun seisiúin teagaisc foirne a sholáthar sa litearthacht agus san uimhearthacht agus chun tacú le haistriú daltaí chuig scoil shinsearach. Ina leith sin, ba bheag idirdhealaithe a bhí idir obair an mhúinteora tacaíochta agus an obair a

mbeifí ag súil leis go réasúnta ón MOS nó gnéithe de ról an mhúinteora teagmhála baile, scoile agus an phobail (TBSP). I scoil eile, ní raibh an múinteoir tacaíochta ach ag tacú le daltaí thar leibhéal ranga amháin. Sa dá chás, mhol na cigirí do na scoileanna a gcleachtas a athbhreithniú chun ailíniú níos fearr a dheimhniú leis an tsonraíocht poist atá luaite le ról an mhúinteora tacaíochta.

I scoil eile, baineadh úsáid as an múinteoir tacaíochta mar mhúinteoir ranga príomhshrutha chun an cóimheas dalta-múinteoir a íslíú. Sa chás seo, thuairiscigh an scoil gur ghlac gach ceann den chúig MOS breise a bhí ag an scoil freagracht as dul i ngleic le hábhair imní a bhí ag eascairt as iompar na ndaltaí. Mhol an cigire tuairiscithe go ndéanfaí an suíomh seo a cheartú a luaithe is indéanta.

Moltar ról agus freagrachtaí an mhúinteora tacaíochta a ailíniú le sonraíocht poist an ról ionas gur féidir an tionchar is mó a bheith ar iompar daltaí aonair agus ar iompar ar fud na scoile.

6.3 An tslí a roghnaíodh daltaí aonair agus grúpaí daltaí do thacaíocht bhreise

Dearadh an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta mar bheart chun deis a thabhairt do scoileanna díriú ar dhaltaí aonair nó ar ghrúpaí beaga daltaí do thacaíocht nó aird bhreise. Dá bhrí sin, níl sé oiriúnach cur chuige uilíoch a ghlacadh ina n-oibríonn na múinteoirí tacaíochta le grúpaí ranga uile. Ghlac beagnach gach scoil leis an bprionsabal díriú ar dhaltaí agus, i gcás amháin nuair ba léir go raibh cur chuige uilíoch ann, mhol cigirí go ndéanfaí an cleachtas a ailíniú le sonraíocht poist an mhúinteora tacaíochta.

Ceann de na príomhfheidhmeanna a bhaineann le post an mhúinteora tacaíochta ná daltaí a roghnú le haghaidh tacaíochta. Thuairiscigh scoileanna go raibh forbairt tagtha le deich mbliana anuas ar na cleachtais a bhaineann le daltaí a roghnú agus am ón múinteoir tacaíochta a leithdháileadh orthu. Cuireann na cleachtais seo san áireamh na forbairtí ar nós an tsamhail *Leanúntas Tacaíochta* chun tacaíochtaí a sholáthar do dhaltaí agus leithdháileadh na múinteoirí oideachais speisialta

(MOSanna) ar scoileanna. Seachas an scoil a raibh cur chuige uilíoch glactha aici i leith soláthar na tacaíochta, bhí fianaise mhaith ann gur cuireadh an próiseas *Leanúntas Tacaíochta* i bhfeidhm sna scoileanna eile. I bhformhór na gcásanna, chuir formhór na múinteoirí tacaíocht ar fáil do dhaltaí ag céim na Tacaíochta Scoile Móide den Chontanam Tacaíochta. Ina leith sin, ba í an phríomhghné d'obair an mhúinteora tacaíochta a idirdhealaigh idir í agus obair an MOS ná an fócas ar thionchar iompar na ndaltaí ar an bhfoghlaim. Thuairiscigh cigirí go raibh an múinteoir tacaíochta i scoil amháin ag obair go dlúth leis na foirne RSO agus cúraim, ach go raibh an ról dírithe go príomha ar chur chuige scoile uile a fheidhmiú i leith bainistíocht iompraíochta. Mar chuid den ról seo, thacaigh an múinteoir le forbairt scileanna sóisialta agus scileanna déileála daltaí.

Chuir scoileanna réasúnaíocht shoiléir ar fáil maidir le daltaí a bheith mar chuid de spriocghrúpaí, mar aon le nósanna imeachta soiléire ar chóir cloí leo chun daltaí a roghnú do thacaíocht bhreise. Den chuid ba mhó, cuireadh san áireamh sa spriocghrúpa daltaí a raibh iompraíochtaí a bhí mar mhór-ábhar imní á léiriú acu. Bhain roghnú na ndaltaí don spriocghrúpa leis an raon saincheistanna a bhí ag na daltaí. Áiríodh ina measc seo, idir na deich scoil:

- Saincheistanna nó fadhbanna a bhain le bainistíocht feirge nó rialáil mhothúchánach
- Daltaí a raibh cúinsí teaghlaigh ag cur as dóibh, lena n-áirítear saincheistanna sláinte meabhrach teaghlaigh, agus saincheistanna mí-úsáide substaintí
- Daltaí a ndearnadh bulaíocht orthu agus/nó a bhí gafa le hiompraíocht bhulaíochta
- Daltaí a bhí tar éis díobháil a dhéanamh dóibh féin nó a bhagair féindochar a dhéanamh
- Daltaí a d'fhulaing méala nó tráma le déanaí ina saol
- Daltaí a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha mar thaithí acu le hidirghníomhaíocht shóisialta, le hiompar agus le forbairt mhothúchánach.

I bhformhór na scoileanna, ba í an fhoireann cúraim scoile nó na múinteoirí ranga a

d'ainmnigh daltaí le bheith sa spriocghrúpa. Is iad a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí a d'ainmnigh roinnt daltaí le haghaidh tacaíochta breise. I líon an-bheag cásanna, rinne daltaí aonair tacaíocht bhreise a éileamh iad féin. I líon beag scoileanna ní raibh aon réasúnaíocht shoiléir maidir le daltaí a chur san áireamh sa spriocghrúpa ná ní raibh nósanna imeachta i bhfeidhm chun daltaí a chur leis an líon cásanna. Ina leithéid de scoileanna, ní raibh aon nasc soiléir le foireann cúraim na scoile má bhí a leithéid d'fhoireann ann.

Nuair a roghnaíodh iad le cur ar líon cásanna an mhúinteora tacaíochta, rinneadh cás-chomhdhálacha a thionól ina raibh na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha, nuair ba chuí, i láthair chun na saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn agus na hidirghabhálacha cuí a bhí de dhíth le dul i ngleic leis an gcás a phlé.

Ar cheann de na gnéithe a tháinig chun cinn le linn na meastóireachta bhí an éagsúlacht i líon cásanna na múinteoirí tacaíochta i scoileanna éagsúla. Bhí idir deichniúr agus fiche dalta, i gcoitinne, sa líon cásanna a bhí ag na múinteoirí tacaíochta agus tá sé seo ag teacht leis an gcomhairle a sholáthraíonn an Roinn. Thuairiscigh scoileanna go raibh éagsúlacht ag baint le líon na gcásanna, ag brath ar riachtanais na ndaltaí agus tarlú imeacht thrámach ina saol.

Moltar do scoileanna réasúnaíocht shoiléir agus nósanna imeachta chun daltaí a roghnú d'idirghabhálacha breise an mhúinteora tacaíochta a bheith mar chuid den phlean scoile.

6.4 An tslí inar cuireadh tacaíocht ar fáil do dhaltaí aonair agus do ghrúpaí daltaí

Chuir formhór na múinteoirí tacaíochta pleananna fadtéarmach agus gearrthéarmach i láthair chun tacú lena gcuid oibre. Thug cigirí éagsúlacht faoi deara, áfach, i gcáilíocht na ndoiciméad pleanála a cuireadh i láthair. Nuair a mheas cigirí go raibh an phleanáil éifeachtach, bhí fianaise ar fáil go ndearna na múinteoirí

tacaíochta breithniú mionsonraithe maidir le feidhmiú na gclár ar fud na scoile agus do dhaltaí aonair.

I mbreis agus leath na scoileanna bhí spriocanna sonracha, intomhaiste, insroichte, réalaíoch agus am-cheangailte (SMART) ag na múinteoirí tacaíochta a bhí bunaithe ar a mbreathnóireachtaí agus ar thorthaí thuarascálacha measúnaithe na ndaltaí, agus chruthaigh siad spriocanna foghlama do gach dalta aonair nó do ghrúpa daltaí sa líon cásanna a bhí acu. Mar ghnáthnós, dhírigh na spriocanna seo ar fhorbairt scileanna sóisialta na ndaltaí ar nós sealáocht a ghlacadh, comhoibriú, réiteach fadhbanna sóisialta, oibriú i gcompháirt, agus cumarsáid a dhéanamh ag úsáid gnáthleideanna sóisialta. Thug cigirí cleachtas éifeachtach faoi deara freisin ina ndearnadh spriocanna a shocrú chun cabhrú le daltaí rialáil mothúchán a fheabhsú, cur lena bhfeasacht ar chúis agus éifeacht, agus díriú ar iompraíochtaí dearfacha.

Le linn na meastóireachtaí, bhí fianaise ann go raibh raon cur chuige teagaisc, modheolaíochtaí agus acmhainní in úsáid ag na múinteoirí tacaíochta i bhformhór na scoileanna chun tacaíocht a sholáthar do dhaltaí, do mhúinteoirí ranga agus don scoil iomlán. Ina leithéid sin de chásanna, mheas cigirí go raibh cáilíocht na tacaíochta a cuireadh ar fáil go maith nó go an-mhaith. Bhí cothú folláine na ndaltaí go lárnach i ngach clár tacaíochta. D'úsáid múinteoirí tacaíochta raon bealaí éagsúla chun an tacaíocht a eagrú. I scoil amháin, bhí tosaíocht tugtha ag an múinteoir tacaíochta do thacaíocht rialta do dheichniúr daltaí. I scoil eile, d'oibrigh na múinteoirí tacaíochta i mbloic deich seachtaine le daltaí aitheanta.

I bhformhór na scoileanna, bhí raon clár cuí in úsáid ag na múinteoirí tacaíochta ar fud leibhéil éagsúla ranga chun dea-iompar a chothú sa seomra ranga agus sa chlós. Chuir na múinteoirí tacaíochta cláir ábhartha aois-oiriúnach i bhfeidhm le grúpaí ranga-iomlán. I gcásanna áirithe, thug an múinteoir tacaíochta cuairt ar sheomraí ranga aonair, rinne siad breathneoireachtaí agus chuir siad comhairle ar fáil maidir le bainistíocht iompar daltaí sa chomhthéacs sin.

Bhí na múinteoirí tacaíochta ag obair go díreach leis na daltaí i suíomhanna ranga-iomlán, le spriocghrúpaí beaga agus, nuair ba ghá, chuir siad tacaíocht aonair ar fáil chun freastal ar shainriachtanais iompraíochta agus mhothúchánach daltaí.

Thuairiscigh na múinteoirí tacaíochta go ndearna siad breathnóireacht ar dhaltaí i

ranganna príomhshrutha le tuiscint a fháil ar shaincheisteanna sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta na ndaltaí. Thug cigirí aird ar thuairimí múinteoirí ranga príomhshrutha, gur chuir múinteoirí tacaíochta comhairle phraiticiúil ar fáil dóibh maidir le straitéisí cuí chun iompraíochtaí a bhí á léiriú ag daltaí agus a bhí mar ábhar imní a bhainistiú. Tagann an cleachtas seo go mór le sonraíocht an phoist.

I mionlach suntasach scoileanna, cuireadh an tacaíocht ar fáil go príomha ar bhonn aistarraingthe. Ina a leithéid seo de chásanna, rinneadh daltaí a aistarraingt le páirt a ghlacadh i gcláir aonair chun dul i ngleic leis na sainriachtanais a bhí acu. Bhain a lán den tacaíocht seo a cuireadh ar fáil le réimsí idirghníomhaíochta sóisialta agus forbairt mhothúchánach agus iompraíochta. Rinne formhór na múinteoirí tacaíochtaí torthaí na ngníomhaíochtaí éagsúla a rianú agus coinníodh taifead de chruinnithe rialta a tionóladh le múinteoirí agus tuismitheoirí.

Bhí líon beag múinteoirí tacaíochta nár bhain úsáid as an *gContanam Tacaíochta* agus chuir siad próiseas pleanála ar leithligh i bhfeidhm chun tacú leis na daltaí sin a bhí mar chuid dá líon cásanna. Ar na hócáidí seo, tugadh faoi deara sna pleananna. spriocanna leathana ginearálta nár thug eolas soiléir agus beacht chun torthaí foghlama daltaí a rianú. Thug cigirí faoi deara nach ndearnadh rianú soiléir ar thorthaí foghlama na ndaltaí sa spriocghrúpa ach i leath de na scoileanna. Sna cásanna sin, moladh do na múinteoirí tacaíochta dul chun cinn dhaltaí aonair sa bhfoghlaim a rianú. Tugann sé seo le tuiscint, cé go gcuirtear go leor idirghabhálacha ar fáil do na daltaí a bhfuil gá acu leo, go gcaithfear monatóireacht agus taifeadadh níos éifeachtaí a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha sin ar fud na scoileanna.

Moltar na spriocanna foghlama i bpleananna na múinteoirí tacaíochta a lua i dtéarmaí sonracha, intomhaiste agus insroichte d'fhonn a gcuid oibre a threorú agus tacú le rianú dul chun cinn foghlama na ndaltaí.

6.5 An tslí ina raibh an múinteoir tacaíochta i dteagmháil le múinteoirí agus gníomhaireachtaí eile

I bhformhór na suíomhanna, bhí na múinteoirí tacaíochta i dteagmháil leis an príomhphearsana sa scoil agus le raon gníomhaireachtaí seachtracha. Tugadh deachleachtais chomhoibritheacha faoi deara le linn na meastóireachtaí idir na múinteoirí tacaíochta agus

- Múinteoirí príomhshrutha
- Cúntóirí riachtanais speisialta (CRSanna)
- An múinteoir teagmhála baile, scoile, agus an phobail (TBSP)
- An fhoireann RSO sa scoil.

Tionóladh cruinnithe go rialta le tuismitheoirí agus caomhnóirí chun ábhair inní faoina leanbh a phlé agus chun iad a uasdátú ar an dul chun cinn.

Le linn na meastóireachtaí, bhí fianaise ar fáil ó mhúinteoirí tacaíochta maidir le naisc a bheith bunaithe agus coinnithe acu le gníomhaireachtaí seachtracha, lena n-áirítear Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), oibríthe sóisialta agus iad siúd a raibh baint acu le Tionscadal Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, nuair ba chúí. Thuairiscigh cigirí go raibh naisc le gníomhaireachtaí seachtracha mar chuid lárnach de chur chuige na scoileanna chun tacú le daltaí.

7. Tacaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta

Cé nach gcuirtear aon chlár ionduchtaithe foirmiúil ná aon oiliúint shonrach ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta nua, thuairiscigh beagnach gach duine go mbaineann siad an-tairbhe as a mballraíocht sa Líonra Múinteoirí Tacaíochta atá lonnaithe in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Eagraíonn an grúpa tacaíochta seo aoichainteoirí agus aíonna chun freastal ar a gcruinnithe ar mhaithe le múinteoirí tacaíochta a chur ar an eolas faoi ghnéithe dá ról. Bhain múinteoirí tacaíochta leas freisin as oiliúint a chuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) ar fáil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais shóisialta, mhothúchána agus iompraíochta acu. I bhfianaise líonra tacaíochta a bheith ann agus an fhéidearthacht go mbeadh tacaíocht bhreise ar fáil ón SNSO agus ó sheirbhísí tacaíochta eile oiliúint bhreise a chur ar fáil, ba cheart machnamh a dhéanamh ar chlár de dheiseanna foghlama gairmiúla a chruthú go foirmiúil do mhúinteoirí tacaíochta ina mbeadh ionduchtú do mhúinteoirí tacaíochta nuacheaptha mar aon le foghlaim ghairmiúil leanúnach.

Rinne scoileanna infheistiú i gcláir a bhaineann lena riachtanais agus le riachtanais a ndaltaí ag úsáid maoiniú a chuireann an tAonad um Chuimsiú Sóisialta ar fáil. Thuairiscigh a lán múinteoirí tacaíochta gur fhreastail siad ar chúrsaí i raon clár ábhartha ar nós Friends for Life, PAX Good Behaviour Game training, Cleachtais Aisiríoch, Teiripe Ealaíne, agus cláir do bhainistíocht Tráma. Thuairiscigh múinteoirí eile gur fhreastail siad ar chúrsaí a bhain le Teiripe Súgartha, Teiripe Ceoil, Iompar Réamhtheachtaí agus Iarmhairtí, Bainistíocht Feirge, Zóin Rialála agus Eispéiris Dhíobhálacha Óige. Ina theannta sin, bhí staidéir iarchéime bainteach le bainistíocht iompraíochta déanta ag roinnt múinteoirí tacaíochta.

Léirigh múinteoirí tacaíochta tiomantas maidir lena gcuid eolais agus a scileanna a fhorbairt chun a ndualgas a chomhlíonadh go héifeachtach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Soláthraíonn seirbhísí tacaíochta CNOS cláir agus cúrsaí FGL ar bhainistíocht iompraíochta agus freastalaíonn múinteoirí tacaíochta orthu.

Tuairiscíonn múinteoirí tacaíochta go bhfuair siad tacaíocht ó bhaill foirne ina

scoileanna féin, lena n-áirítear an príomhoide, MOSanna, an comhordaitheoir RSO agus iarmhúinteoirí tacaíochta. Bhí sé seo thar a bheith ábhartha má bhí na múinteoirí tacaíochta nuacheaptha.

Moltar do mhúinteoirí tacaíochta cláir fhoirmiúla ionductaithe a dhéanamh agus leas a bhaint as deiseanna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bhíonn dírithe ar dhea-chleachtais a scaipeadh.

8. Conclúid

Rinne an Chigireacht breathnóireacht ar chleachtais múinteoirí tacaíochta i sampla bunscoileanna DEIS agus, ar an iomlán, measadh gur chuir obair na múinteoirí tacaíochta go suntasach le rannpháirtíocht na ndaltaí leis an scoil agus leis an bhfoghlaim. Bhí formhór an chleachtais a breathnaíodh an-mhaith, eolach agus dírithe go cuí ar dhaltaí a raibh iompraíochtaí a bhí mar ábhair imní á léiriú acu. In ainneoin na dea-oibre seo, áfach, tá breithnithe níos leithne a bhaineann leis an gclár ar gá aird a dhíriú orthu.

Is clár neamhspleách é seo a bhí ann sula raibh fáil ar a lán de na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do scoileanna ina dhiaidh sin chun cuidiú leo a bheith gafa le daltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha oideachais speisialta acu, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais iompraíochta acu. Tá sé ar cheann de bhunphrionsabail mhúnla leithdháilte MOS 2017 an leibhéal tacaíochta is mó a sholáthar don dalta a bhfuil an leibhéal riachtanas is mó aige/aici. Tugann sé seo le tuiscint gur dócha go bhfaigheadh daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise á fháil acu faoi láthair tríd an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta tacaíocht tríd an tsamhail MOS, mura mbeadh aon Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta ann. D'fhéadfaí cás a dhéanamh go mbeadh na MOS ag plé leis na daltaí a bhfuil leas á bhaint acu as an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta faoi láthair mar bhealach lena dtacar scoileanna a fhorbairt agus a gcumas cláir chuí a sholáthar do na daltaí seo.

Bunaithe ar anailís ar chleachtas breathnaithe, áfach, molann an Chigireacht go gcoinneofaí an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta mar acmhainn scoite i scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste géar, ach gur cheart an acmhainn a úsáid chun tacaíocht chomhtháite a sholáthar laistigh den chreat oideachais speisialta. Is léir go bhfuil an-bhaol ann, mura mbíonn fáil ar an soláthar seo, go mb'fhéidir nach mbeadh tacaíocht chuí ar fáil do roinnt de na daltaí a bhfuil an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta á rochtain acu faoi láthair, le cur ar a gcumas fanacht go rathúil sa chóras scoile. Ina theannta sin, cuireann an leibhéal tacaíochta saincheaptha seo ar chumas scoileanna rannpháirteacha laghdú agus bainistiú a

dhéanamh ar an mbaol go gcuirfí as go diúltach d'fhoghlaim na ndaltaí eile mar thoradh ar iompraíochta mhíchuibheasacha.

Is acmhainn theoranta í seo ar chóir í a dhíriú ar na scoileanna atá ag freastal ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Nuair a cuireadh tús leis an tionscadal, agus nuair a leathnaíodh é ina dhiaidh sin ag deireadh na 1990idí, rinneadh múinteoirí tacaíochta a leithdháileadh ar scoileanna DEIS bunaithe ar an bhfianaise ab fhearr a bhí ar fáil ag an am. Tá i bhfad níos mó eolais i seilbh na Roinne anois maidir le próifíl gach scoile, bunscoileanna DEIS san áireamh. B'ionann méid an tsampla sa mheastóireacht seo agus thart ar an ceathrú cuid de na bunscoileanna DEIS go léir atá páirteach sa Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta. Maidir leis sin, ba cheart don Roinn a dheimhniú gurb iad na scoileanna a bhaineann leas as an acmhainn seo ná na scoileanna atá ag freastal i gcónaí ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá sé ríthábhachtach, nuair a bhíonn an acmhainn luachmhar bhreise seo ag scoileanna, go n-úsáidtear í chun críche na gcuspóir atá leagtha amach. I bhformhór na gcásanna, thug an cleachtas a breathnaíodh le tuiscint gur úsáid scoileanna an acmhainn go feidhmiúil agus go tairbhiúil chun freastal ar riachtanais na ndaltaí a raibh na saincheisteanna iompraíochtaí ba shuntasáí acu. Tá lánrogha an-leathan ag scoileanna maidir le húsáid na hacmhainne agus, ina leith sin, tá sé tábhachtach go dtacaíonn na struchtúir sa scoil le próisis éifeachtacha cinnteoireachta, socraithe spriocanna agus monatóireachta. Tugann an fhianaise le tuiscint go n-éiríonn go maith le formhór na scoileanna maidir leis sin. Nuair a chinneann scoileanna an acmhainn a dháileadh go míchuí, mar shampla, mar bhealach leis an gcóimheas dalta-múinteoir a íslíú, ba cheart don Roinn an acmhainn a tharraingt siar.

9. Achoimre ar na príomhthorthaí

- Ar an iomlán, bhí éifeacht ag baint leis na múinteoirí tacaíochta maidir le deiseanna oideachais an spriocghrúpa a fheabhsú, agus na deiseanna oideachais a fheabhsú do na daltaí go léir sa scoil.
- I ngach cás nach mór, bhí tuiscint i gcoitinne i measc na múinteoirí príomhshrutha ar ról agus ar fhreagrachtaí sonracha na múinteoirí tacaíochta sa scoil. Bhí plean i bhfeidhm ag formhór na scoileanna maidir le leithdháileadh na múinteoirí tacaíochta.
- Bhí réasúnaíocht shoiléir ag formhór na scoileanna, ach ní raibh sí ag gach scoil, chun daltaí a chur san áireamh don mhúinteoir tacaíochta.
- D'oibrigh na múinteoirí tacaíochta i gcomhpháirt leis an RSO agus leis na foirne cúraim sa scoil agus le múinteoirí ranga, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha de réir mar ba chuí.
- Bhí na múinteoirí tacaíochta gafa leis an bhforbairt ghairmiúil agus d'oibrigh siad ar thionscadail don chosc mar aon le tionscadail do chlár idirghabhála, le daltaí aonair, le grúpaí beaga, le ranganna agus leis an scoil iomlán.
- D'úsáid formhór na múinteoirí tacaíochta an *Contanam Tacaíochta* chun plean a leagan amach do dhaltaí. I roinnt scoileanna bhí na spriocanna an-ghinearálta agus níor léir go ndearna torthaí foghlama na ndaltaí sa spriocghrúpa a rianú ach i leath de na scoileanna.
- Tá féidearthacht ann ról an mhúinteora tacaíochta a fheabhsú trí chlár córasach FGL a sholáthar agus tríd an acmhainn a úsáid chun tacaíocht chomhtháite a sholáthar laistigh de chreat an oideachais speisialta agus bainistíocht agus folláine dearfach iompair a chothú do gach dalta.
- I scoil amháin, baineadh úsáid as an múinteoir tacaíochta mar mhúinteoir breise príomhshrutha agus moladh go n-athrófaí a leithéid a luaithe agus ab fhéidir.

10. Moltaí

- Bunaithe ar anailís ar chleachtas a breathnaíodh, molann an Chigireacht go gcoinneofaí an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta mar acmhainn scoite i scoileanna atá ag freastal ar cheantair faoi mhíbhuntáiste géar, agus moltar gur chóir an acmhainn a úsáid chun tacaíocht chomhtháite a sholáthar laistigh den chreat oideachais speisialta.
- Ba chóir do bhainistíocht scoileanna a dheimhniú go ndéantar eagrú an tsoláthair do mhúinteoirí tacaíochta a shoiléiriú sa phlean scoile chun poitéinseal na hacmhainne sa scoil a bhaint amach go hiomlán.
- I ngach cás, ba chóir do mhúinteoirí tacaíochta a bheith gafa le cód iompair na scoile a uasdátú go rialta.
- Ba chóir do gach scoil a bhaineann leas as an Tionscadal Múinteoirí Tacaíochta a dheimhniú go ndéantar plan gonta a cheapadh agus a athbhreithniú go rialta chun feidhmiú soláthar an mhúinteora tacaíochta a threorú.
- Ba chóir do bhainistíocht na scoile a dheimhniú go mbíonn ról agus freagrachtaí an mhúinteora tacaíochta ailínithe le sonraíocht poist an ról ionas go mbíonn an tionchar dearfach is mó ar iompar daltaí aonair agus ar iompar ar fud na scoile.
- Ba chóir go n-áireofaí sa phlean scoile réasúnaíocht shoiléir agus nósanna imeachta chun daltaí a roghnú d'idirghabhálacha breise ón múinteoir tacaíochta.
- Ba chóir go n-áireofaí na spriocanna i bpleananna múinteoirí tacaíochta i dtéarmaí sonracha, intomhaiste agus insroichte d'fhonn a gcuid oibre a threorú agus tacú le dul chun cinn daltaí sa bhfoghlaim a rianú.
- Ba chóir don Roinn socrú a dhéanamh do chlár ionduchtaithe do mhúinteoirí tacaíochta nuacháilithe a dhíríonn ar na sonraí dea-chleachtas maidir le

pleanáil, teagasc agus spriocanna foghlama daltaí a rianú.

- Ba chóir don Roinn socrú a dhéanamh do dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha do na múinteoirí tacaíochta reatha. Ba chóir do scoileanna treoirínite soiléire a chur i bhfeidhm chun tacú le comhoibriú idir na múinteoirí tacaíochta agus acmhainní eile na scoile. Chuideodh sé ról an mhúinteora tacaíochta a fhorbairt tuilleadh dá ndéanfaí an post a shocrú go foirmiúil mar thacaíocht chomhtháite laistigh den chreat riachtanais speisialta oideachais.
- Acmhainn theoranta atá sna múinteoirí tacaíochta ar cheart iad a dhíriú ar na scoileanna atá ag freastal ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Ba chóir don Roinn an fhaisnéis atá aici maidir le próifíl na scoileanna uile, lena n-áirítear bunscoileanna DEIS, a úsáid lena dheimhniú gurb iad na scoileanna a mbíonn leas na hacmhainní seo acu ná na scoileanna a bhíonn ag freastal i gcónaí ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste.
- Ba cheart go leanfaí le discrédid leathan a bheith ag scoileanna maidir le hacmhainn an mhúinteora tacaíochta a leithdháileadh agus, dá réir sin, tá sé tábhachtach go dtacaíonn na struchtúir sa scoil le próisis éifeachtacha cinnteoireachta, spriocanna a shocrú agus próisis a mhonatóireacht lena dheimhniú go n-úsáidtear an acmhainn seo go feidhmiúil agus go tairbhiúil. Cuirfidh sé seo ar chumas na scoile a chinntiú go bhfreastalaíonn sí ar riachtanais na ndaltaí sin a bhfuil na dúshláin iompraíochta is suntasaí acu. Sa líon beag cásanna ina ndéanann scoileanna cinneadh an acmhainn a úsáid go míchuí, mar shampla, mar bhealach chun an cóimheas dalta-múinteoir a ísliú, ba chóir go gcoimeádfadh an Roinn an ceart aici féin an acmhainn a tharraingt siar.

Aguisín 1 – Liosta na Scoileanna atá páirteach sa Chlár Múinteoirí Tacaíochta

Scoileanna sa Tionscadal Píolótach Múinteoirí Tacaíochta

Uimh. Rolla	Scoil
05940D	Scoil Ursula, <i>An Charraig Dhubh</i> , Corcaigh
14000C	Scoil Naomh Muire an Oileáin, Sharman, Sráid Crawford, Corcaigh
20497W	Scoil Mhuire agus Eoin, <i>Baile na mBocht</i> , Corcaigh (<u>2 phost</u>)
17024I	Scoil na Croise Naofa, <i>Machan</i> , Corcaigh
20389T	Scoil Maria Assumpta, <i>Baile Féitheán</i> , Corcaigh
20038N	Scoil Aiséirí Chríost, <i>Fearann an Rí</i> , Corcaigh
19714U	Scoil Muire ar Chnoc na hAoine, Cnoc na hAoine, Corcaigh
00752A	Scoil Náis. Measctha, An Mhodhscoil Láir, Sráid Mhaoilbhríde, Áth Cliath
01795A	Scoil na Naíonán, An Mhodhscoil Láir, Sráid Mhaoilbhríde, Áth Cliath 1
15816I	Scoil Naí Buachaillí Naomh Uinseann, Sráid Liam Thuaidh, Áth Cliath 1
15056L	SN San Uinseann Cailíní, Sráid Liam Thuaidh, Áth Cliath 1
17110B	Scoil Naomh Lorcáin Ó Tuathail, Plás Seville, Áth Cliath 1
11776C	Scoil Naomh Lorcáin Ó Tuathail Buachaillí Sóis. Plás Seville, Áth Cliath 1
20228S	Scoil Naomh Lorcáin Ó Tuathail Cailíní, Plás Seville, Áth Cliath 1
20429F	Bunscoil Shéamais, Sráid an Taiscumair, Sráid Shéamais, Áth Cliath 8
18386B	Scoil Náisiúnta na Marist, Bóthar Chlochair, <i>Cromghlinn</i> , Áth Cliath 12
17603B	Scoil Íosagáin, Bóthar Achadh Mheánach, <i>Cromghlinn</i> , Áth Cliath 12
11578V	Scoil Náisiúnta Ché na Cathrach, Buachaillí, Cé na Cathrach, Áth Cliath 2
17881G	Scoil Uí Chonaill, Sráid Richmond Thuaidh, Dublin 1
19208F	Scoil an Spiorad Naoimh Buach., Bóthar Shaileoige, <i>Baile Munna</i> , Áth Cliath 11

19502F	SNSóis. Naomh Aonghusa, Baile an Ridire, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24.
19510E	Scoil Thabóid Sins., An Bhánóg, <i>Cluain Dolcáin</i> , Áth Cliath 22
19543T	SN An Croí Ró-Naofa Sois. Coill an Ardáin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19575J	SNSóis. Naomh Muire, Rualach, <i>Cluain Dolcáin</i> , Áth Cliath 22
19576L	SNSins. Naomh Aonghusa, Baile an Ridire, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24.
19577N	Scoil Íosa, Tigh Motháin Thuaidh, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19613O	Scoil Chnoc Mhuire, Ascaill Chnoc Mhuire, Coill an Ardáin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19647I	SNSins. Naomh Muire, Rualach, <i>Cluain Dolcáin</i> , Áth Cliath 22
19652B	SNSóis. An Chroí Ró-Naofa Coill an Ardáin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19702N	SNSóis. Naomh Tomás, Ráth Miontáin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19743E	SNSóis. Naomh Bernadette, Gleantán an Choiréil, <i>Cluain Dolcáin</i> , Áth Cliath 22
19765O	SNSins. Naomh Tomás, Ráth Miontáin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19775R	Scoil Chnoc Mhuire, Ascaill Chnoc Mhuire, Coill an Ardáin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19782O	SN Naomh Bríd, Gort an tSrutháin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19785U	SNSins. Naomh Bernadette, Gleantán an Choiréil, <i>Cluain Dolcáin</i> , Áth Cliath 22
19834H	SN Ghort an tSrutháin 2, Gort an tSrutháin, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19872P	Scoil Chaitlín Maude, Garrán an Choill, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
19878E	Bunscoil Choróin Mhuire, Ascaill na Seanchúirte, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
20436C	Bunscoil Naomh Muire, Sráid Dorset, Áth Cliath 7
19946S	Scoil Náisiúnta Shráid Rutland., Sráid Rutland, Áth Cliath 1
20468P	Scoil Náisiúnta Naomh Doiminic., <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
20173T	SNS Naomh Áine., Fettercairn, <i>Tamhlacht</i> , Áth Cliath 24
18288B	Scoil Mhichíl Naofa, Baile Átha Í, Co. Chill Dara

Aguisín 2 – Sonraíocht Poist: Múinteoirí Tacaíochta

Beidh cosc agus tacaíocht mar bhunéirim le hobair an mhúinteora tacaíochta agus beidh baint aici le:

- a) Comhairle a sholáthar agus páirt a ghlacadh i straitéis scoile uile maidir le (i) dea-chleachtas i mbainistíocht iompraíochta agus (ii) straitéisí a chabhróidh le hiompar suaiteach agus a thacóidh le pearsanra ábhartha nuair a tharlaíonn imeachtaí suaiteacha, a cheapadh, a chosc, a aithint, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.
- b) Grúpaí beaga agus daltaí aonair a léiríonn deacrachtaí leanúnacha iompraíochta sa seomra ranga a theagasc agus a thacú
- c) Curaclam atá oiriúnaithe go cuí a fhorbairt chun taithí ar rath a thabhairt do dhaltaí i gcroí-réimsí curaclaim agus scileanna bainistíochta iompraíochta a fhorbairt i ndaltaí tríd an obair sin agus trí ghníomhaíochtaí teiripeacha sna gnéithe níos aeistéitiúla agus níos cruthaitheacha de churaclam na bunscoile.
- d) Comhoibriú le múinteoirí ranga maidir le cláir agus cuir chuige atá oiriúnaithe go cuí a sholáthar.

Seo a leanas liosta de na gníomhaíochtaí ar cheart don mhúinteoir tacaíochta a bheith páirteach iontu.

Déanfaidh an Múinteoir Tacaíochta:

- Breathnóireacht ar dhaltaí áirithe atá suaite, corraithe, laistigh da ranganna príomhshrutha, taifead beacht a choinneáil ar na hiompraíochtaí suaiteacha atá i gceist mar aon le réamhtheachtaí, agus iarmhairtí na n-iompraíochtaí sin; comhairle a chur ar mhúinteoirí ranga faoina bhfuil ag tarlú sa seomra ranga agus an tslí leis an iompar suaiteach a chosc, a fheabhsú agus a bhainistiú
- Seicliostaí iompraíochta a sholáthar do mhúinteoirí ranga le húsáid nuair a bhíonn breathnóireacht á dhéanamh acu ar dhaltaí aonair atá suaite nó cúlánta le cur ar a gcumas na hiompraíochtaí míchuí agus a minicíocht a thairfeadh; comhairle a sholáthar ar straitéisí idirghabhála cuí agus cairteacha cuí ar dhul chun cinn a sholáthar; tacú le múinteoirí ranga laistigh den seomra ranga príomhshrutha trí chuidiú leo daltaí a bhíonn suaite nó cúlánta i gcoitinne a bhainistiú agus a theagasc
- Grúpaí beaga agus daltaí aonair atá suaite/cúlánta a aithint, croí-réimsí an churaclaim atá oiriúnaithe go cuí a mhúineadh dóibh ar bhealach a oireann

dá leibhéal riachtanas agus a gcumas aireach ar feadh gearrthréimhsí; gníomhaíochtaí cruthaitheacha a úsáid - ealaín, ceardaíocht, drámaíocht, súgradh, srl., agus scileanna pearsanta agus sóisialta na ndaltaí a fhorbairt. (Ba cheart don tSeirbhís Síceolaíochta Scoile, má tá fáil uirthi, cuidiú leis an réimse seo.) Is é fócas an chur chuige seo ná taithí ar an rath a thabhairt do dhaltaí, a bhféinmheas a ardú agus scileanna oiriúnaitheacha pearsanta agus sóisialta a theagasc;

- Páirt a ghlacadh in iarrachtaí na foirne faoi cheannaireacht an phríomhoide maidir le polasaí scoile uile a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun iompraíocht agus araíonacht a bhainistiú sa scoil
- Bheith i dteagmháil agus ag comhoibriú le tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí neamh-scoile eile atá bainteach le dul i ngleic le sainriachtanais daltaí ar scoil, sa bhaile agus sa phobal
- Taifid chúramach a choinneáil lena n-áirítear iad seo a leanas:
 - Sonraí aitheantais ar dhaltaí suaite/cúlánta
 - Na cineálacha iompraíochta suaite agus a mhinicíocht
 - Na céimeanna atá á nglacadh chun iompar suaiteach a chosc agus/nó a bhainistiú
 - Tuarascálacha síceolaíochta, síciatracha, sóisialta
 - Cláir atá deartha chun freastal ar riachtanais oideachais, iompraíochta, pearsanta agus sóisialta ghrúpaí beaga agus dhaltaí aonair.

Aguisín 3 – Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear Go maith áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann